Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10802/26**

**COPEN 236**
**CT 82**
**DROIPEN 114**
**JAI 849**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 277 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an meastóireacht ar Threoir (AE) 2018/1673 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 277 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 277 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.6.2026
COM(2026) 277 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an meastóireacht ar Threoir (AE) 2018/1673 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil**

{SWD(2026) 148 final}

GA GA

## 1. RÉAMHRÁ

Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Treoir (AE) 2018/1673 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil (dá ngairtear 'an Treoir' anseo feasta) an 23 Deireadh Fómhair 2018 agus tháinig sí i bhfeidhm an 2 Nollaig 2018. Leis an Treoir, neartaítear freagairtí breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí ar sciúradh airgid, cothaítear comhar trasteorann laistigh den Aontas agus go hidirnáisiúnta araon, agus comhlánaítear an creat reachtach níos leithne maidir le sciúradh airgid a chosc.

Tá feidhm ag an Treoir maidir le 25 Bhallstát; Níl Éire ná an Danmhairg faoi cheangal aici. Ba é an sprioc-am le haghaidh trasuí an 3 Nollaig 2020.

Bunaítear leis an Treoir rialacha íosta maidir leis na gníomhaíochtaí nach mór a mheas mar chionta sciúrtha airgid ar fud na mBallstát uile (i.e. maoin a gnóthaíodh ó ghníomhaíocht choiriúil a aistriú nó a chomhshó, a foinse aindleathach a cheilt nó a chur i mbréagriocht, nó maoin a fháil, a shealbhú nó a úsáid i gcás inar eol don duine a tionscnamh cóiriúil) agus na smachtbhannaí comhfhreagracha ar ghníomhaíochtaí den sórt sin. Sonraítear sa Treoir na gníomhaíochtaí coiriúla ar cionta preideacáide iad le haghaidh sciúradh airgid, i.e. na gníomhaíochtaí coiriúla as ar tháinig an t-airgead sciúrtha. I measc na ngnéithe nua a tugadh isteach, cumasaítear leis an Treoir sciúradh airgid a ionchúiseamh gan ciontú a éileamh i dtaobh an chiona preideacáide, agus gan ceangal a chur ar na húdaráis gnéithe uile an chiona preideacáide a chruthú ('sciúradh airgid neamhspleách'). Cumasaítear leis freisin ionchúiseamh agus ciontú i ngníomhaíochtaí sciúrtha airgid arna ndéanamh ag an duine a rinne an ghníomhaíocht choiriúil ónar gineadh an mhaoin agus an duine a rinne an ghníomhaíocht sciúrtha airgid ('féinsciúradh'). Tá rialacha sa Treoir chun a shoiléiriú cén Ballstát atá inniúil le haghaidh ionchúisimh i gcásanna trasteorann. Thairis sin, leagtar síos leis rialacha íosta maidir le pionóis agus smachtbhannaí breise is infheidhme maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha araon, lena n-áirítear 'imthosca géaraitheacha'.

Freagraíonn an tuarascáil seo don cheanglas in Airteagal 14(2) den Treoir, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún Eorpach tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar bhreisluach na Treorach seo maidir le sciúradh airgid a chomhrac chomh maith lena thionchar ar chearta agus saoirsí bunúsacha.

Cuireann an tuarascáil mheastóireachta seo leis an tuarascáil maidir le trasuí ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – a cheanglaítear faoi Airteagal 14(1) – lena ndéantar measúnú ar a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir a chomhlíonadh. Léiríodh sa tuarascáil maidir le trasuí, cé go raibh trasuí na Treorach comhlíontach den chuid is mó, go bhfuil roinnt bearnaí agus neamhréireachtaí fós ann, amhail trasuí mícheart na bhforálacha maidir le himthosca géaraitheacha ag roinnt Ballstát. Cuirtear an tuarascáil maidir le trasuí i láthair san iarscríbhinn.

Cuirtear torthaí mionsonraithe na meastóireachta, chomh maith leis an modheolaíocht a úsáideadh, i láthair sa doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil.

Tá an Treoir seo ina cuid de shraith straitéisí níos leithne in aghaidh airgeadas coiriúil atá, mar a chuirtear i dtábhacht sa Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach, ina cuid lárnach chun coireacht eagraithe a chomhrac. Tá sé fíor-riachtanach i gcónaí brabúis choiriúla a choigistiú chun deireadh a chur le grúpaí coiriúla eagraithe, agus is céim thábhachtach i ndáil leis sin é cur chun feidhme éifeachtach reachtaíocht an Aontais maidir leis an gcoireacht eacnamaíoch a chomhrac agus aisghabháil sócmhainní a chothú.

## 2. CÚLRA

Mar chuspóir ginearálta, is é is aidhm don Treoir na freagairtí breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí ar sciúradh airgid a neartú ar fud na mBallstát. Cé go ndearna na Ballstáit uile sciúradh airgid a choiriúlú, bhí difríochtaí móra ann maidir leis an gcaoi ar sainmhíníodh an cion, raon feidhme na gcionta preideacáide agus na smachtbhannaí faoi seach. Bhí easpa comhleanúnachais agus cuimsitheachta sa chreat a bhí ann roimhe seo, rud a d’fhág nach raibh sé chomh héifeachtach céanna agus a chuir ar a gcumas do choirpigh agus sceimhlitheoirí leas a bhaint as córais náisiúnta níos laige. Chun freastal ar na riachtanais sin, tugadh isteach leis an Treoir **creat comhchoiteann de chuid an Aontais chun sciúradh airgid a choiriúlú agus freagairtí breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí a neartú**. Is é is aidhm fhoriomlán dó córas frithsciúrtha airgid an Aontais a threisiú tríd an dlí coiriúil.

Chuige sin, tá cuspóirí sonracha ann:

- coiriúlú éifeachtach an sciúrtha airgid a áirithiú ar fud an Aontais;
- sainmhínithe soiléire agus aonfhoirmeacha ar chionta preideacáide a thabhairt isteach;
- pionóis agus smachtbhannaí comhsheasmhacha agus comhréireacha a bhunú;
- feabhas a chur ar chomhar agus malartú faisnéise idir na Ballstáit.

Is iad seo a leanas na tionchair a mheastar a bheidh ag an Treoir:

- imscrúdú a dhéanamh ar dhéantóirí sciúrtha airgid agus iad a ionchúiseamh ar bhealach níos éifeachtaí, trí chionta, pionóis agus smachtbhannaí comhchuibhithe a ghlacadh;
- cosaint mhéadaithe do shaoránaigh den Aontas Eorpach agus don mhargadh inmheánach ar bhagairtí a bhaineann le coireacht eagraithe agus le maoiniú na sceimhlitheoireachta, trí uirlisí éifeachtacha a bheith ar fáil d’údaráis chun imscrúdú a dhéanamh ar sciúradh airgid agus déantóirí na coire a thabhairt faoi réim an cheartais, lena n-áirítear eintitis dhlítheanacha;
- gníomhaíocht trasteorann níos éifeachtúla agus níos comhordaithe in aghaidh sciúradh airgid, trí chomhar neartaithe agus malartú faisnéise idir na Ballstáit;
- uirlisí imscrúdaitheacha níos éifeachtaí atá ar fáil d’údaráis in imscrúduithe sciúrtha airgid;
- bearta chun coigistiú a neartú trí fheabhas a chur ar rianú, reo agus coigistiú fáltas ó chionta sciúrtha airgid.

Cumhdaítear sa tuarascáil mheastóireachta seo cur i bhfeidhm reachtach agus praiticiúil na Treorach, a ndearnadh anailís uirthi i dtéarmaí éifeachtachta, éifeachtúlachta, comhleanúnachais, breisluach AE, ábharthachta, i gcomhréir leis na prionsabail maidir le Rialáil Níos Fearr, chomh maith lena tionchar ar chearta agus saoirsí bunúsacha, mar a iarrtar le hAirteagal 14(2) den Treoir. Tá conclúidí agus moltaí coincréiteacha maidir le gníomhaíochtaí a dhéanfar amach anseo sa tuarascáil mheastóireachta freisin.

Rinneadh an mheastóireacht le tacaíocht ó staidéar seachtrach[1] lena n-áirítear taighde deisce, agallaimh, comhairliúcháin spriocdhírithe, suirbhéanna, etc. Chuathas i gcomhairle le raon leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais, údaráis bhreithiúnacha, údaráis forfheidhmithe dlí, oifigí um aisghabháil sócmhainní, Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais, saineolaithe dlí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, meithleacha machnaimh, agus institiúidí acadúla. Cumhdaítear leis an meastóireacht an tréimhse ó 2018 go 2025.

## 3. PRÍOMHTHORTHAÍ

Cuirtear i láthair sa roinn seo torthaí na meastóireachta a mhéid a bhaineann le héifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, breisluach AE agus ábharthacht na Treorach. Thairis sin, cuirtear i láthair ann torthaí na meastóireachta i ndáil le tionchar na Treorach ar chearta agus saoirsí bunúsacha, mar a iarrtar go sonrach le hAirteagal 14(2) den Treoir.

### 3.1. Éifeachtacht

Maidir le h**éifeachtacht**, fuarthas sa mheastóireacht gur **rannchuidigh an Treoir go mór le cionta agus pionóis sciúrtha airgid a chomhchuibhiú ar fud na mBallstát**, rud a chuir uirlisí nua ar fáil do chleachtóirí chun sciúradh airgid a chomhrac. Trí choiriúlú na modhanna sciúrtha airgid ábhartha uile ó raon leathan coireanna a ghineann brabús a áirithiú, cuireann an Treoir ar a gcumas d’údaráis imscrúdú agus ionchúiseamh níos éifeachtaí a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ábhartha uile a dhéantar chun airgead aindleathach a sciúradh. Tá ábharthacht ar leith ag baint le **gnéithe nua a thabhairt isteach amhail sciúradh airgid neamhspleách agus féinsciúradh** sa chiall seo: is féidir iompar den sórt sin a ionchúiseamh anois sna Ballstáit uile.

I ndáil leis sin, chuir údaráis bhreithiúnacha agus forfheidhmithe dlí i dtábhacht tairbhí soiléire, go háirithe deireadh a chur leis an ngá an cion preideacáide a chruthú agus sciúradh airgid á ionchúiseamh, rud a d’éascaigh imeachtaí breithiúnacha. Chuir na húdaráis bhreithiúnacha i dtábhacht freisin an méadú ar an raon ionchúisimh mar gheall ar an gcion féinsciúrtha a tugadh isteach. De réir na n-údarás breithiúnach agus forfheidhmithe dlí, tháinig méadú ar an **éifeacht dhíspreagthach** atá ag an reachtaíocht maidir le sciúradh airgid mar thoradh ar na hathruithe sin freisin..

[1] Nasc chuig an staidéar (tá foilsiú ar feitheamh, le cur isteach tar éis ISC).

Leis na féidearthachtaí eintitis dhlítheanacha a ionchúiseamh agus pionóis níos airde a ghearradh i gcás ina ndéanann eintiteas[2] faoi oibleagáid sciúradh airgid, tugtar deiseanna d'údaráis dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtaí leis na seifteanna casta arna mbunú ag coirpigh chun a ngnóthachain aindleathacha a cheilt, agus ar an gcaoi sin **cosaint an mhargaidh inmheánaigh a mhéadú** in aghaidh bhagairtí a bhaineann le coireacht eagraithe agus le maoiniú na sceimhlitheoireachta, agus tá an éifeacht dhíspreagthach atá ag ionchúiseamh coiriúil neamhspleách d'eintitis dhlítheanacha ar leithligh ó dhaoine nádúrtha, chomh maith le himthosca géaraitheacha i gcoitinne, á cur i dtábhacht ag cleachtóirí.

Gné eile a mhéadaigh éifeachtacht sa chomhrac in aghaidh sciúradh airgid is ea **leathnú na n-uirlisí imscrúdaitheacha** atá ar fáil chun cionta sciúrtha airgid a imscrúdú. Thuairiscigh páirtithe leasmhara gur éascaíodh rochtain ar uirlisí speisialaithe amhail idircheapadh cumarsáide le hoibleagáid na Treorach na teicnící imscrúdaitheacha a úsáidtear i gcásanna coireachta eagraithe a chur ar fáil le haghaidh imscrúduithe sciúrtha airgid, chomh maith le pionóis uasta a ardú. Fágann sé sin gur féidir an chonair airgeadais a leanúint agus cuireann sé ar a gcumas do na húdaráis tuilleadh fianaise a bhailiú, feabhas a chur ar a n-inniúlacht líonraí coiriúla agus a n-airgeadas a nochtadh agus deireadh a chur leo, agus ar an gcaoi sin **an chosaint do shaoránaigh den Aontas Eorpach** ar bhagairt na coireachta eagraithe a mhéadú.

Thairis sin, mar gheall ar chionta sciúrtha airgid níos ailínithe ar fud an Aontais agus rialacha níos soiléire lena sainmhínítear an tír atá inniúil chun imscrúdú agus ionchúiseamh cáis áirithe a stiúradh, de réir na n-údarás breithiúnach agus roinnt de na húdaráis forfheidhmithe dlí, rannchuidigh an Treoir ar an iomlán le **gníomhaíocht trasteorann níos éifeachtúla agus níos comhordaithe** in aghaidh sciúradh airgid. Ar an iomlán, trí chreataí dlíthiúla a chomhfhogasú, chuir an Treoir ar a gcumas d'údaráis ó Bhallstáit éagsúla 'teanga choiteann a labhairt': dá mhéad cionta agus pionós atá cosúil le chéile idir dlínsí, is ea is éasca dóibh dul i gcomhar thar theorainneacha, agus breithiúnais ó Bhallstát eile a aithint.

Mar sin féin, tá roinnt **dúshlán** ann a **dhéanann difear d'éifeachtacht na Treorach go pointe áirithe**.

Baineann dúshlán amháin le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm neamhréireach an **sciúrtha airgid neamhspleách** ar fud na mBallstát, atá ina chúis le héiginnteacht dhlíthiúil agus fadhbanna le linn imscrúduithe agus ionchúiseamh. Tá éagsúlacht mhór idir a mhéid nach mór an cion preideacáide a chruthú i measc na mBallstát: i roinnt tíortha, ní gá do na húdaráis ach roinnt gníomhaíochtaí coiriúla as a n-eascraíonn an mhaoin sciúrtha a chruthú, agus i dtíortha eile ceanglaítear ar na húdaráis an cion preideacáide a shainmhíniú go soiléir, agus i gcásanna áirithe áit agus am na coire a shuí fiú (féach freisin leathanaigh 3-4 den tuarascáil maidir le trasuí). Dá bhrí sin, tá éifeachtacht na Treorach éagsúil maidir le hionchúiseamh sciúrtha airgid neamhspleách a éascú ar fud an Aontais: is toradh é sin ar fhoclaíocht dhoiléir na Treorach, rud a fhágann an réimse leathan beart trasuite.

[2] Féach go háirithe Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, *IO L 141, 5.6.2015, lgh. 73–117, an leagan comhdhlúite is déanaí atá ar fáil faoi*: [EUR-Lex - 02015L0849-20241230 - GA - EUR-Lex](EUR-Lex - 02015L0849-20241230 - GA - EUR-Lex).

Tá léirmhíniú éagsúil ann freisin i measc dhlínsí na mBallstát ar an **maoin a d'fhéadfadh a bheith ina hábhar sciúrtha airgid**. Cé go bhfuil sainmhíniú uilechuimsitheach sa Treoir ar mhaoin chun na cineálacha uile gníomhaíochta sciúrtha airgid a chuimsiú, ní mheastar i reachtaíocht roinnt Ballstát gur maoin is féidir a sciúradh iad costais a sábháladh (amhail cánacha a choinnítear siar trí choir chánach a dhéanamh). Measann siad nach féidir ach maoin ar méadú dearfach ar shócmhainní duine é, e.g. airgead a fhaightear trí chion gáinneála ar dhrugaí nó trí lacáiste cánach, a bheith ina hábhar ciona sciúrtha. Eisiann na tíortha sin ó raon feidhme na maoine an t-airgead a sábháladh trí gan cáin CBL a íoc go neamhdhleathach. Is bearna mhór é sin i bhfianaise thionchar chalaois CBL ar bhuiséid phoiblí, rud a fhágann go gcailleann údaráis chánach na deicheanna billiún euro gach bliain de réir Europol[3] agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh[4].
Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur trasuíodh an fhoráil maidir le **dlínse a bhunú ar chionta sciúrtha airgid** – go sonrach i gcás inar náisiúnach den Bhallstát é an ciontóir, de bhun **Airteagal 10(1)(b)** – ar bhealach éagsúil, go háirithe i ndáil le ceanglas na **coiriúlachta dúbailte**[5].

Réimse ar leith nár thángthas ar chonclúid sa mheastóireacht maidir lena éifeachtacht is ea an tionchar a mheastar a bheidh ar na bearta coigistíochta a neartú, go háirithe mar gheall ar fhad na n-imeachtaí coiriúla, agus tá na sonraí neamhleor mar thoradh air sin. Thairis sin, ní mór a thabhairt faoi deara nach ndéantar tagairt sa Treoir, in Airteagal 9, ach do chur i bhfeidhm Threoir 2014/42/AE maidir le coigistiú, ar cuireadh an Treoir nua maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní ina hionad in 2024. Dá bhrí sin, ní féidir anailís a dhéanamh ar ghnéithe den sórt sin ach amháin sa mheastóireacht ar an ionstraim dheireanach sin, a cheanglaítear ar an gCoimisiún a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 24 Samhain 2031.

### 3.2. Éifeachtúlacht

I dtéarmaí **éifeachtúlachta**, ní féidir ach réamh-mheasúnú a dhéanamh ar chostais agus ar thairbhí, i bhfianaise fhad na n-imeachtaí coiriúla i gcásanna sciúrtha airgid. Dá bhrí sin, ní bheidh tionchar iomlán na Treorach i dtéarmaí cainníochtúla (an líon ionchúiseamh agus ciontuithe, an méid sócmhainní a reoitear agus a choigistítear sna cásanna sciúrtha airgid sin) le feiceáil ach amháin sna blianta amach romhainn.

Cé go raibh tuairimí na bpáirtithe leasmhara measctha (chuir roinnt acu neodracht in iúl; ní raibh páirtithe leasmhara eile ar aon tuairim maidir le cé acu a bhí nó nach raibh tairbhí na Treorach níos mó ná na costais ghaolmhara), mar gheall ar easpa sonraí tuairiscithe, ní rabhthas in ann measúnú iomlán a dhéanamh ar chostais, idir chostais airgeadaíochta agus chostais ó thaobh an ualaigh riaracháin de, in aghaidh torthaí amhail an líon ionchúiseamh agus

---

[3] https://www.europol.europa.eu/cms/sites/default/files/documents/EU-SOCTA-2025.pdf

[4] Ina thuarascáil bhliantúil 2024, chuir OIPE i dtábhacht an chaoi a bhfuil níos mó ná 53 % de na damáistí iomlána measta atá faoi imscrúdú i gceist le calaois CBL, agus damáiste measta EUR 13,15 billiún https://www.eppo.europa.eu/assets/annual-report-2024/pdfs/EPPO_Annual_Report_2024_en.pdf

[5] Is é sin an prionsabal nach féidir dlínse a bhunú ach amháin i gcás ina ndéantar an t-iompar atá i gceist a choiriúlú sa stát ionchúisimh agus sa stát ina ndearnadh é araon.

ciontuithe, agus an méid gaolmhar sócmhainní a reoitear agus a choigistítear sna cásanna sciúrtha airgid sin. In aon chás, thuairiscigh formhór na mBallstát a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí comhairliúcháin costais cur chun feidhme agus ualach riaracháin a bhí nialasach nó fíorbheag. Is léiriú é sin ar chineál na Treorach, lena gceanglaítear go bunúsach athruithe ar chód coiriúil nó ar chód nós imeachta coiriúil na mBallstát, agus ní thugtar le tuiscint leis na leasuithe sin ar an reachtaíocht náisiúnta ach costais bhreise theoranta. Is éard atá i gceist le roinnt costas breise a bhaineann leis an Treoir oiliúint d'údaráis bhreithiúnacha agus d'údaráis forfheidhmithe dlí, go háirithe d'fhonn cineálacha nua sciúrtha airgid a thugtar isteach leis an Treoir a imscrúdú agus a ionchúiseamh. I dtéarmaí ginearálta, tugann páirtithe leasmhara le fios gur cuireadh uirlisí nua ar fáil leis an Treoir d'údaráis chun cionta sciúrtha airgid a imscrúdú agus a ionchúiseamh ar bhealach níos éifeachtaí, agus tuairiscítear go bhfuil costais cur chun feidhme teoranta, rud a thugann le fios go bhfuil éifeacht dhearfach fhoriomlán ann i dtéarmaí éifeachtúlachta.

### 3.3.Comhleanúnachas inmheánach agus seachtrach

Maidir le **comhleanúnachas inmheánach**, léirítear sa mheastóireacht go réitíonn comhpháirteanna éagsúla na Treorach go maith le chéile chun a cuspóirí a bhaint amach, agus nach bhfuil aon chontrárthacht i measc fhorálacha éagsúla na Treorach.

Cumhdaítear le **comhleanúnachas seachtrach** an leibhéal idirnáisiúnta agus leibhéal an Aontais araon.

Ar an scála **idirnáisiúnta**, tugtar faoi deara sa mheastóireacht n**ach bhfuil an Treoir ailínithe go hiomlán le Coinbhinsiún Vársá Chomhairle na hEorpa**[6], ina bhfuil rialacha maidir le sciúradh airgid a choiriúlú lena rialaítear den chuid is mó na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo. Shínigh an tAontas an Coinbhinsiún in 2009, ach níor dhaingnigh sé go fóill é. Go sonrach, le hAirteagal 2(1) den Treoir, cuirtear srian le raon feidhme cionta preideacáide i gcomparáid le Coinbhinsiún Vársá, ar rogha é a cheadaítear faoin gCoinbhinsiún. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún togra a ghlacadh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle chun go mbeidh an tAontas in ann Coinbhinsiún Vársá a dhaingniú agus d'fhéadfadh sé aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin sa chomhthéacs sin.

Ar **leibhéal an Aontais**, tá an Treoir **comhsheasmhach le hionstraimí reachtacha eile sa réimse**. Mar a aithnítear sa Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach[7], neartaigh an tAontas a iarrachtaí leis na rialacha nua maidir le frithsciúradh airgid, lena n-áirítear bunú Údarás um Chomhrac an Sciúrtha Airgid, agus leis an Treoir nua maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní, atá ríthábhachtach chun dul i ngleic leis na bunchúiseanna airgeadais atá leis an gcoireacht eagraithe, chun sócmhainní aindleathacha a reo go tapa agus chun gnóthachain choiriúla a choigistiú. Tá forbairtí den sórt sin i gcomhréir le freagairt threisithe an dlí choiriúil ar sciúradh airgid a tugadh isteach leis an Treoir.

---

[6] Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú a dhéanamh ar na Fáltais ó Choireacht agus maidir le Maoiniú na Sceimhlitheoireachta (CETS Uimh. 198).

[7] EUR-Lex - 52025DC0148 - GA - EUR-Lex.

Mar sin féin, tá roinnt bearnaí sa Treoir i gcomparáid leis na treoracha is déanaí maidir leis an dlí coiriúil, mar shampla maidir le coireacht chomhshaoil nó maidir le sárú ar bhearta sriantacha, maidir le pionóis bhreise in aghaidh daoine nádúrtha a chur i bhfeidhm agus maidir leis na smachtbhannaí in aghaidh daoine dlíthiúla.

Maidir le **pionóis bhreise a chur i bhfeidhm in aghaidh daoine nádúrtha**, ceanglaítear leis an Treoir ar na Ballstáit smachtbhannaí nó bearta breise a thabhairt isteach, sa bhreis ar phianbhreitheanna príosúntachta, in aghaidh dhéantóirí an sciúrtha airgid, gan a shonrú cén cineál beart, rud a fhágann go bhfuil éagsúlachtaí ann ó thaobh trasuí náisiúnta. Os a choinne sin, liostaítear go sainráite in ionstraimí dlí choiriúil de chuid an Aontais is déanaí bearta a d'fhéadfadh na Ballstáit a chur i bhfeidhm in aghaidh daoine nádúrtha, amhail fíneálacha, eisiamh ó chistiú agus ó thairiscintí poiblí, tarraingt siar ceadanna nó cosc sealadach ar sheasamh i dtoghchán d'oifig phoiblí.

Tá saincheist chomhchosúil ann maidir le **smachtbhannaí do dhaoine dlítheanacha**. Leis an Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla agus cuimsítear inti liosta de smachtbhannaí breise a d'fhéadfadh a bheith ann, nach bhfuil ach roghnach agus nach sainmhínítear mionsonraithe go leor. Cé go dtugann sé sin an tsolúbthacht is gá do na Ballstáit, tá sé sin i gcodarsnacht leis an reachtaíocht dlí choiriúil is déanaí, lena bhforáiltear íosleibhéal na bhfíneálacha uasta i gcás gach ciona, atá le ríomh bunaithe ar chéatadán de láimhdeachas domhanda an duine dhlítheanaigh nó bunaithe ar mhéid socraithe[8].

### 3.4. Breisluach AE

I dtéarmaí **breisluach AE**, cuireann cur chun feidhme na Treorach **tairbhe dhearfach** ar fáil a eascraíonn as gníomhaíocht reachtach ar leibhéal an Aontais ar dócha nach mbeadh sé bainte amach ag na Ballstáit aonair. Leis an Treoir, cruthaíodh **cothrom iomaíochta níos aonchineálaí chun sciúradh airgid a chomhrac ar fud an Aontais**, rud a mheasann páirtithe leasmhara breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí a bheith dearfach toisc go gcuireann sé le comhsheasmhacht dhlíthiúil níos fearr agus go n-éascaíonn sé comhar trasteorann. Mar sin féin, léiríonn na neamhréireachtaí thuasluaite maidir le cionta sciúrtha airgid a shainmhíniú agus a ionchúiseamh, go háirithe a mhéid a bhaineann le sciúradh airgid neamhspleách, agus cur i bhfeidhm éagsúil na bhforálacha roghnacha ('clásail ina luaitear féadfaidh') maidir le pionóis do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha go bhféadfaí tuilleadh comhchuibhithe a dhéanamh ar fud an Aontais fós.

### 3.5. Ábharthacht

Tá cuspóirí agus bearta na Treorach fós ábhartha i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le sciúradh airgid agus coireacht eagraithe: de réir Mheasúnú Europol ar Bhagairt na Coireachta

---

[8] Mar shampla, le Treoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le fíneálacha do dhaoine dlítheanacha i gcás cionta sonracha. Thairis sin, sonraítear sa Treoir gurb é uasleibhéal na bhfíneálacha sin 5 % ar a laghad nó cnapshuim EUR 40 000 000 i gcás cionta áirithe a bhaineann le truailliú an chomhshaoil agus 3 % nó EUR 24 000 000 i gcás cionta eile amhail gáinneáil aindleathach ar fhiadhúlra.

Tromchúisí Eagraithe 2025, tá ról ríthábhachtach fós ag sciúradh airgid maidir lena chur ar a gcumas do choirpigh tairbhe a bhaint as gníomhaíochtaí neamhdhleathacha agus is cnámh droma na coireachta eagraithe é[9]. Thairis sin, bíonn idirbhearta iomadúla i dlínsí éagsúla nach dlínsí de chuid an Aontais iad i gceist le *modi operandi* an sciúrtha airgid go minic, lena mbaintear leas as éagothromaíochtaí rialála agus lena gcruthaítear conair chasta a thugann dúshlán d'imscrúduithe airgeadais: dá bhrí sin, tá freagairt choiriúil chomhchuibhithe ar fud na mBallstát chomh tábhachtach agus a bhí riamh. An tráth céanna, de réir Europol, éascaítear sciúradh airgid níos mó agus níos mó le hardáin dhigiteacha agus cuirtear feabhas air le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn[10] – mar gheall ar chineál na Treorach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, is féidir freagairt an dlí choiriúil a chuir in oiriúint d'fhorbairtí den sórt sin, lena n-áirithítear go mbeidh an Treoir ábhartha fós gan beann ar fhorbairtí teicneolaíochta.

### 3.6. Tionchair ar chearta agus saoirsí bunúsacha

Ar deireadh, measann údaráis na mBallstát, comhlachtaí an Aontais agus comhlachtaí idirnáisiúnta go ginearálta go bhfuil an Treoir i gcomhréir le caighdeáin maidir le cearta bunúsacha, lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, nó thuairiscigh siad nach raibh aon sonraí ar fáil. Chuir páirtithe leasmhara eile, go háirithe eagraíochtaí neamhrialtasacha, meithleacha machnaimh agus lucht acadúil, ábhair imní in iúl maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar thoimhde na neamhchiontachta a chosaint agus an cion sciúrtha airgid neamhspleách á chur i bhfeidhm, maidir le prionsabal *ne bis in idem* i gcásanna féinsciúrtha[11], agus maidir le soiléireacht an tsainmhínithe ar chionta agus ar phionóis agus/nó comhréireacht na gcionta agus na bpionós sin, go háirithe nuair is cion achomair é an cion preideacáide.

Ar an iomlán, mar gheall ar an aiseolas a sholáthraíonn formhór na bpáirtithe leasmhara, is féidir teacht ar an gconclúid go ndéantar cionta sciúrtha airgid a fhoirmliú ar bhealach soiléir, beacht agus intuartha agus go bhfuil pionóis iomchuí agus comhréireach i leith thromchúis na gcionta. Áirithítear cearta bunúsacha trí na rialacha a leagtar amach i sé Threoir de chuid an Aontais maidir le Cearta Nós Imeachta, sa Chairt agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine chomh maith le prionsabail ghinearálta an dlí choiriúil. Ina theannta sin, tá cur i bhfeidhm na rialacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir faoi réir athbhreithniú na gcúirteanna náisiúnta nach mór dóibh a áirithiú go gcomhlíonann na rialacha sin cearta agus saoirsí bunúsacha.

## 4. CONCLÚIDÍ AGUS CEACHT A FOGHLAIMÍODH

Meastar go gcomhlíonann an Treoir a cuspóirí den chuid is mó, tar éis feabhas a chur ar inniúlacht na n-údarás inniúil sciúradh airgid a imscrúdú agus a ionchúiseamh trí chionta agus pionóis threisithe agus tar éis imscrúduithe trasteorann a éascú, gan costais mhóra bhreise a

---

[9] europol.europa.eu/cms/sites/default/files/documents/EU-SOCTA-2025.pdf
[10] Ibid.
[11] Mar atá i gcás féinsciúrtha, ní bhíonn an t-idirdhealú idir an cion preideacáide agus an cion sciúrtha airgid soiléir go minic, rud a fhágann go bhfuil baol ann go mbeidh pionós dúbailte ann as an ngníomhaíocht chéanna má bhíonn ciontú ann i dtaobh an chiona preideacáide agus an chiona sciúrtha airgid.

chruthú ná tionchar diúltach a imirt ar chearta bunúsacha. Mar sin féin, tá roinnt dúshlán fós ann, go háirithe chun éifeachtacht agus comhleanúnachas roinnt dá fhorálacha le hionstraimí eile de chuid an Aontais a mhéadú.

Thairis sin, i bhfianaise fhad na n-imeachtaí coiriúla, ní bheidh tionchar iomlán na Treorach le feiceáil ach amháin sna blianta amach romhainn. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go leanfaidh an Coimisiún d’fhaireachán a dhéanamh ar thionchair na Treorach, lena n-áirítear ar chearta agus saoirsí bunúsacha.

Sainaithníodh sa mheastóireacht roinnt ceachtanna a foghlaimíodh, ar mhaith leis na Ballstáit iad a chur san áireamh agus an Treoir á trasuí agus á cur chun feidhme acu.

- **Soiléireacht fheabhsaithe maidir le sciúradh airgid neamhspleách**

Chun a áirithiú nach mbeidh sé d’oibleagáid ar na húdaráis gach gné den chion preideacáide a chruthú, ba cheart soiléiriú a dhéanamh ar na **ceanglais is gá chun cion preideacáide nó tionscnamh aindleathach maoine sciúrtha a shuí**, agus ar an gcaoi sin cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an chiona sciúrtha airgid neamhspleách a chur chun cinn agus imscrúdú agus ionchúiseamh sciúrtha airgid a éascú ar fud Bhallstáit an Aontais.

- **Measúnú a dhéanamh ar uasleibhéil íosta pionós agus smachtbhannaí do dhaoine nádúrtha agus d’eintitis dhlítheanacha, chomh maith le pionóis agus bearta breise a leagan amach**

Na forálacha maidir le pionóis agus smachtbhannaí do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a ailíniú le reachtaíocht choiriúil nuaghlactha an Aontais, amhail Treoir (AE) 2024/1203 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus Treoir (AE) 2024/1226 maidir le sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais, áiritheodh an méid sin comhleanúnachas níos fearr. Ba cheart a áireamh leis sin cineál na bpionós breise nó na mbeart breise a leagan amach, ar féidir leis na Ballstáit iad a fhorchur ar dhéantóirí an sciúrtha airgid chomh maith le príosúnacht, agus smachtbhannaí sonracha a leagan amach d’eintitis dhlítheanacha, go háirithe uasleibhéal íosta na bhfíneálacha, atá le ríomh bunaithe ar láimhdeachas domhanda an duine dhlítheanaigh nó bunaithe ar mhéideanna socraithe. D’áiritheofaí leis sin cothrom iomaíochta ar fud na mBallstát agus éifeacht dhíspreagthach na smachtbhannaí ar chionta sciúrtha airgid a threisiú.

- **Mionchoigeartú ar an sainmhíniú ar mhaoin**

Ba cheart an sainmhíniú ar ‘maoin’ a mhionchoigeartú chun na cineálacha gnóthachan aindleathach a d’fhéadfadh a bheith ann a chuimsiú ar bhealach níos sainráite, lena n-áirítear fáltais dhíreacha, coigilteas costais a eascraíonn as coireanna cánach, agus fáltais indíreacha a eascraíonn as gníomhaíochtaí coiriúla.

- **Ailíniú le hionstraimí idirnáisiúnta**

A áirithiú go bhfuil an Treoir agus Coinbhinsiún Vársá ailínithe, chuirfeadh sé sin feabhas ar an gcomhleanúnachas idir an dá ionstraim.

- **Faireachán a dhéanamh ar thionchair na Treorach**

Chun faireachán a dhéanamh ar thionchair na Treorach, leanfaidh an Coimisiún de bheith i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara ábhartha trí fhóraim amhail Grúpa Saineolaithe an Choimisiúin um Beartas Coiriúil an Aontais, Líonra Oibríochtúil na n-imscrúdaitheoirí airgeadais um Sciúradh Airgid a Chomhrac, an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla, an Líonra Comhair nua um Aisghabháil agus Coigistiú Sócmhainní, an Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN), Fócasghrúpa Breithiúnach Eurojust um Sciúradh Airgid agus Aisghabháil Sócmhainní agus an Líonra Breithiúnach Eorpach um an gCoireacht Eagraithe.

Leanfaidh an Coimisiún dá idirphlé leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara uile, chun a áirithiú go mbeidh freagairt an dlí choiriúil ar sciúradh airgid éifeachtach, i gcomhréir le beartais de chuid an Aontais sa réimse sin agus cothrom le dáta, agus treochtaí atá ag teacht chun cinn agus *modi operandi* grúpaí coiriúla sa réimse airgeadais á gcur san áireamh.

Cuireann na moltaí sin go mór leis na hiarrachtaí ar leibhéal an Aontais chun an cur chuige ‘lean an t-airgead’ a chur chun cinn mar phríomhghné den chomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe, réimse a chuirtear i dtábhacht sa Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach mar réimse riachtanach chun freagairt bhreithiúnach láidir a áirithiú ar na líonraí coiriúla is bagraí.